An Roinn Oideachais
Department of Education

# Filleadh ar scoil: Achoimre ar an taighde

## Meán Fómhair - Nollaig 2020

An Chigireacht
An Roinn Oideachais
Feabhra 2021

# 1. RÉAMHRÁ

Sa doiciméad seo, tugtar achoimre ar na príomhchinntí ó 6 thuarascáil ar thaighde a rinne an Chigireacht, an Roinn Oideachais idir Meán Fómhair agus Nollaig 2020. Is iad seo a leanas na tuairiscí:

- *Filleadh ar scoil: Tuairisc ar anailís ar shonraí ó phríomhoidí, Deireadh Fómhair agus Samhain 2020*
- *Filleadh ar scoil: Tuairisc ar ghrúpaí fócais le daltaí agus scoláirí, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2020*
- *Filleadh ar scoil: Tuairisc ar ghrúpaí fócais le daltaí agus scoláirí, Samhain 2020*
- *Filleadh ar scoil: Tuairisc ar chinntí suirbhéanna i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta, Deireadh Fómhair 2020*
- *Filleadh ar scoil: Tuairisc ar chinntí suirbhéanna i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, Nollaig 2020*
- *Filleadh ar scoil: Tuairisc ar chinntí suirbhéanna in iar-bhunscoileanna, Nollaig 2020*

# 2. FORLÉARGAS

- Bhí taighde na Cigireachta dírithe ar cé chomh maith agus a bhí bunscoileanna, iar-bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus ionaid Ógtheagmhála ag feidhmiú i gcomhthéacs na socruithe nua a bhaineann le COVID-19 le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020.
- Ghlac an taighde raon peirspictíochtaí, lena n-áirítear tuairimí ó phríomhoidí, ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí/scoláirí. Cuimsíodh ann suirbhéanna ar pháirtithe leasmhara éagsúla, rinneadh plé le príomhoidí scoile agus le fócasghrúpaí daltaí/scoláirí le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag.
- Tá an tuairisc ar an anailís ar shonraí ó phríomhoidí bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh ó 1,753 príomhoide scoile agus ó ochtó a seacht comhordaitheoir in ionaid Ógtheagmhála. Tagann sé sin tar éis tuairisce ní ba luaithe ar an anailís ar shonraí a bailíodh ó phríomhoidí i mí Mheán Fómhair 2020; foilsíodh an tuairisc sin i mí na Nollag 2020.
- Tá na trí thuarascáil ar shuirbhéanna bunaithe ar fhreagairtí ó phríomhoidí, ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí, agus ó dhaltaí/scoláirí ar fud sampla de 250 bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus sampla eile de 250 scoil i mí na Nollag 2020.
- Tá an dá thuarascáil ar fhócasghrúpaí bunaithe ar phlé le daltaí agus le scoláirí ar a n-eispéireas ar an scolaíocht i 6 scoil ag deireadh mhí Mheán Fómhair/tús mhí Dheireadh Fómhair 2020 agus in aon scoil déag i mí na Samhna 2020. Rinne daltaí agus scoláirí léargas luachmhar a roinnt le cigirí ar thionchar na paindéime ar a n-eispéireas ar scoil agus ar na cineálacha cur chuige teagaisc a bhí acu. Rinne siad moltaí luachmhara a roinnt freisin ar an gcaoi a bhféadfaí tacú lena gcuid foghlama agus folláine ar scoil i gcomhthéacs paindéime.
- Tugann taighde na Cigireachta le fios gur oibrigh scoileanna go sábháilte, le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020, gur shocraigh daltaí/scoláirí go maith ar scoil agus gur éirigh le múinteoirí a gcur chuige teagaisc a oiriúnú mar fhreagairt ar shocruithe de dheasca COVID-19. Aithnítear san anailís freisin na dúshláin a bhaineann le soláthar le linn na tréimhse sin agus sainaithnítear roinnt saincheisteanna ar leith atá tábhachtach go háirithe do scoileanna d’fhonn aghaidh a thabhairt orthu.

# 3. PRÍOMHCHINNTÍ

## 3.1 Feidhmiú sábháilte na scoileanna

### Torthaí dearfacha: Feidhmiú sábháilte na scoileanna

- Is tosaíocht náisiúnta í feidhmiú sábháilte agus inbhuanaithe na scoileanna agus iarradh ar scoileanna, ar athoscailt dóibh i mí Mheán Fómhair 2020, cleachtais a ghlacadh chun an riosca de dheasca COVID-19 a íoslaghdú don fhoireann, d'fhoghlaimeoirí agus don phobal i gcoitinne. Ar an iomlán, d'oibrigh na scoileanna agus na hionaid ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe sa tréimhse idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2020. Thuairiscigh na príomhoidí do na cigirí go raibh tuiscint ar ord, ar shlándáil agus go raibh cúrsaí níos suaimhní do phobail na scoileanna agus na lárionad mar thoradh ar na bearta nua COVID-19. Tugann torthaí an tsuirbhé le fios gur éirigh leis na scoileanna comhlíonadh leanúnach le bearta COVID-19 a áirithiú. Tugann siad le fios freisin go raibh comhoibriú forleathan ann i measc múinteoirí, daltaí/ scoláirí agus tuismitheoirí le socruithe na scoileanna maidir le COVID-19. Is léir freisin go raibh cumarsáid éifeachtach ann idir scoileanna agus tuismitheoirí maidir le bearta COVID-19.
- Bhí na príomhoidí dearfach faoi na hacmhainní a sholáthair an Roinn; ba dhíol suntais ina leith sin an maoiniú breise a cuireadh ar fáil agus na laethanta riaracháin méadaithe do phríomhoidí teagaisc i mbunscoileanna. Chuir an chuid ba mhó de na múinteoirí in iúl go raibh teacht acu ar an gcomhairle agus an treoir a chuir an Roinn Oideachais ar fáil chun ullmhú d'athoscailt na scoileanna agus idirghabháil an churaclaim le linn na scoilbhliana 2020/21.

### Dúshláin: Feidhmiú sábháilte na scoileanna

- Chuir na príomhoidí in iúl go raibh roinnt dúshláin phraiticiúla ann agus scoileanna agus ionaid ag iarraidh comhairle sláinte phoiblí a chur chun feidhme. Cé gur soláthraíodh infheistíocht airgeadais shuntasach do scoileanna, bhí imní ar roinnt príomhoidí sa tréimhse ó Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020 nach mbeadh an maoiniú a cuireadh ar fáil chun tacú le cleachtais éifeachtacha maolaithe víris leordhóthanach chun freastal ar riachtanais leanúnacha sa réimse sin.

## 3.2 Folláine

### Torthaí dearfacha: Folláine

- Leagadh béim air sna doiciméid threoracha a chuir an Roinn Oideachais ar fáil do na scoileanna agus iad ag ullmhú don athoscailt i mí Mheán Fómhair 2020, go dtabharfaí tús áite do ghníomhaíochtaí chun tacú le folláine na ndaltaí agus na scoláirí. Tugann taighde na Cigireachta le fios go raibh cur chun cinn folláine phobail na scoileanna ina ghné thábhachtach den fhilleadh rathúil ar scoil i mí Mheán Fómhair 2020. Is léir go ndearnadh an-iarracht ar fad sna scoileanna chun tacaíochtaí breise a chur ar bun ar mhaithe le folláine na bhfoghlaimeoirí agus na múinteoirí. Tuairiscíodh go raibh go leor gnéithe den soláthar ar mhaithe le folláine ag obair go han-mhaith sna scoileanna agus sna hionaid. Thuairiscigh príomhoidí agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála go raibh a raibh de chomhar, comhoibriú, obair foirne, nuashonruithe rialta agus cumarsáid ar fad tar éis cur go dearfach le folláine na foirne agus na bhfoghlaimeoirí.
- Chuir beagnach gach príomhoide scoile in iúl i suirbhéanna go raibh tacaíochtaí breise curtha i bhfeidhm chun tacú le folláine na ndaltaí/na scoláirí. Mheas beagnach gach múinteoir sna scoileanna speisialta, an chuid ba mhó de na múinteoirí bunscoile agus beagnach trí cheathrú de na múinteoirí iar-bhunscoile go raibh scoileanna ag tacú le folláine na bhfoghlaimeoirí. Ar an gcaoi chéanna, léirigh tuismitheoirí ardleibhéil sástachta leis na tacaíochtaí a bhí ar fáil ar leas na bhfoghlaimeoirí. Dheimhnigh beagnach gach dalta bunscoile agus an chuid ba mhó de na scoláirí iar-bhunscoile go raibh a fhios acu cé chuige nó chuici le dul ar scoil má bhí cúnamh ag teastáil uathu.
- Chuir daltaí na mbunscoileanna agus scoláirí iar-bhunscoileanna a ghlac páirt i bhfócasghrúpaí béim ar a thábhachtaí a bhí sé sóisialú lena gcairde agus lena gcomhdhaltaí ranga. Tugann freagraí an tsuirbhé le fios go láidir go raibh deiseanna ag mórchuid na ndaltaí/na scoláirí sóisialú lena gcairde i rith an lae scoile in ainneoin bearta chun tras-seoladh COVID-19 a mhaolú.

### Dúshláin: Folláine

- Mar sin féin, léiríodh ón bplé leis na príomhoidí agus leis na daltaí/scoláirí i bhfócasghrúpaí go raibh imní faoi COVID-19 fós ina ábhar buairimh do na pobail scoile. Ba léir go raibh gá le tacaíocht leanúnach maidir le folláine na bpríomhoidí, na gceannairí scoile agus na múinteoirí. Thuairiscigh príomhoidí an strus a bhain leis an dúshlán maidir le teacht ar mhúinteoirí ionaid. Chuir mionlach suntasach de na múinteoirí, go háirithe ar leibhéal iar-bhunscoile, in iúl go raibh éiginnteacht maidir le mothú sábháilte ina gcuid scoileanna agus míshástacht leis na tacaíochtaí folláine a bhí á soláthar sa scoil. Chuir rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí daltaí/scoláirí béim ar an gcaoi a gcaithfear níos mó airde a thabhairt ar fholláine fhisiciúil na ndaltaí agus na scoláirí, mar shampla, trí chead a thabhairt dóibh éadaí teo (nach éide scoile iad)

a chaitheamh agus, in iar-bhunscoileanna, trí níos mó sosanna faoin aer a bheith acu.

## 3.3 Eispéireas ar Scoil

### Torthaí dearfacha: Eispéireas ar Scoil

- Léirítear ó thaighde na Cigireachta gur éirigh go maith leis an bhfilleadh ar ais ar scoil i mí Mheán Fómhair 2020 agus gur eispéireas dearfach a bhí ann do go leor daltaí/scoláirí i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Léirigh aiseolas ó fhócasghrúpaí go raibh daltaí/scoláirí an-sásta a bheith ar ais ar scoil agus go raibh siad sásta a bheith i gcomhluadar a gcairde in athuair. Chuir na daltaí/na scoláirí sin in iúl gurbh fhearr i bhfad leo a bheith ar scoil seachas a bheith ag obair ón mbaile agus léirigh go leor acu meas ar leith ar obair na scoile agus ar obair a múinteoirí.
- D’aontaigh foghlaimeoirí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí go mór sna suirbhéanna éagsúla go raibh scoileanna ag feidhmiú go héifeachtach agus go raibh na foghlaimeoirí, lena n-áirítear na naíonáin shóisearacha agus scoláirí na chéad bhliana, socraithe isteach go maith sa scoil. D’aontaigh tuismitheoirí freisin gur thacaigh scoileanna/múinteoirí lena leanbh sa phróiseas sin.
- D’aontaigh an chuid ba mhó de thuismitheoirí na bhfoghlaimeoirí i scoileanna speisialta agus beagnach gach tuismitheoir le foghlaimeoirí i mbunscoileanna go raibh a gcuid leanaí sásta a bheith ar scoil. Ar an gcaoi chéanna, thug an chuid ba mhó de na ndaltaí/na scoláirí i mbunscoileanna agus in iar-bunscoileanna le fios go raibh siad sásta a bheith ar scoil. D’aontaigh díreach os cionn leath de na scoláirí iar-bhunscoile a ndearnadh suirbhé orthu go raibh siad sásta a bheith ar scoil. Thug níos mó ná dhá thrian de thuismitheoirí na scoláirí iar-bhunscoile le fios go raibh a gcuid leanaí sásta a bheith ar scoil.

### Dúshláin: Eispéireas ar scoil

- Den chuid is mó, thug na príomhoidí agus na múinteoirí le fios go raibh siad ag déileáil go maith ina róil faoi seach. Mar sin féin, léirigh sciar suntasach de na príomhoidí a raibh an Chigireacht i dteagmháil leo le linn na tréimhse ó Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020 nár éirigh leo clúdach ionaid a fháil nuair a bhí múinteoir as láthair óna scoil.
- Le linn na bhfócasghrúpaí, rinne na daltaí agus na scoláirí trácht go minic ar an tionchar a bhí ag na rialacha nua orthu, go háirithe úsáid masc agus bearta um scaradh sóisialta, maidir le heispéireas na scoile agus maidir le bheith ag idirghníomhú le daoine eile. Chuir na rannpháirtithe ionbhá in iúl maidir le daltaí/ scoláirí níos óige agus leo siúd atá nua sna scoileanna mar nach raibh na deiseanna céanna acu cairde a dhéanamh lasmuigh dá mboilgeoga agus dá gcuid meithleacha féin. I gcás roinnt scoláirí, bhí sé deacair cairde a dhéanamh agus aithne a chur ar a

gcuid múinteoirí nó mothúcháin a léamh nó a thomhas, mar gheall ar chaitheamh masc.

- Chuir na daltaí agus na scoláirí i bhfócasghrúpaí imní in iúl freisin fúthu féin gan a bheith san áireamh i bpróiseas comhairliúcháin agus faisnéise na scoile maidir le rialacha scoile agus prótacail nua. Chuir siad béim freisin ar an ngá go rachfaí i gcomhairle leo maidir le cinntí a théann i bhfeidhm orthu.

## 3.4 Teagasc agus Foghlaim

### Torthaí dearfacha: Teagasc agus foghlaim

- Ní nach ionadh, léirítear ó thaighde na Cigireachta go raibh fócas níos mó ar chroí-obair na scoile - teagasc agus foghlaim - tar éis na tréimhse tosaigh ag socrú ar ais ar scoil i mí Mheán Fómhair 2020. Ag tús an téarma, thóg na múinteoirí a gcuid ama chun a fháil amach cá raibh na daltaí/na scoláirí ina gcuid foghlama agus chun tógáil ar na pointí tosaigh sin. Tugann suirbhéanna agus díospóireachtaí le príomhoidí le fios go raibh ardleibhéil comhoibrithe ghairmiúil ann i measc na gcomhghleacaithe.
- Cé go raibh an cur isteach a bhí ann ar shaol na scoile ó lá go lá de dheasca COVID-19 gan fasach, bhí freagróirí an tsuirbhé dearfach i gcoitinne maidir leis an soláthar don teagasc agus don fhoghlaim cé nach raibh freagróirí ó na hiar-bhunscoileanna baileach chomh dearfach le freagróirí ó na bunscoileanna. Thug beagnach gach príomhoide, múinteoir agus tuismitheoir sna bunscoileanna agus sna scoileanna speisialta le fios go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh ar an bhfoghlaim. Thug an chuid ba mhó de na foghlaimeoirí sna scoileanna sin le fios go raibh siad ag baint taitneamh as a gcuid ceachtanna an chuid ba mhó den am nó an t-am ar fad. Bhí beagnach gach freagróir ó na bunscoileanna agus ó na scoileanna speisialta dearfach faoi leibhéal rannpháirtíochta na bhfoghlaimeoirí le linn na gceachtanna.
- Thug beagnach gach príomhoide agus tromlach na múinteoirí iar-bhunscoile le fios go raibh ag éirí go maith leo maidir leis an teagasc agus maidir leis an bhfoghlaim ar scoil. Thuairiscigh tromlach na múinteoirí leibhéil dearfacha rannpháirtíochta scoláirí. D’aontaigh na scoláirí go ginearálta go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh ar an bhfoghlaim agus d’aontaigh a dtromlach go raibh siad ag baint taitneamh as a gcuid ceachtanna an chuid is mó den am nó an t-am ar fad. Thug mionlach suntasach de na scoláirí iar-bhunscoile le fios, áfach, nach raibh sé sin fíor ach cuid den am.
- Thug beagnach gach príomhoide scoile a raibh daltaí/scoláirí ina scoil a bhí i mbaol an-ard ó COVID-19 le fios go raibh bearta i bhfeidhm acu chun a chinntiú go bhféadfadh na daltaí/scoláirí sin leanúint ar aghaidh lena gcuid foghlama. Go ginearálta, léiríodh sna freagraí suirbhé gur chuir múinteoirí ranga príomhshrutha/múinteoirí ábhair, múinteoirí riachtanas speisialta oideachais, agus múinteoirí a bhí ag obair ón mbaile iad féin na tacaíochtaí sin ar fáil toisc go raibh siad féin ainmnithe mar dhaoine a bhí i mbaol an-mhór ó COVID-19.

- Léirítear i dtaighde na Cigireachta torthaí an-dearfach maidir le hinfhaighteacht agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sna scoileanna. Rinne príomhoidí scoile agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála a labhair le cigirí cur síos ar ardleibhéil díograise na bhfoghlaimeoirí maidir lena bhfoghlaim nua agus mhol siad na cineálacha cur chuige cruthaitheacha agus nuálaíocha a d'úsáid go leor múinteoirí. Bhí na daltaí agus na scoláirí a ghlac páirt i bhfócasghrúpaí an-dearfach faoin úsáid mhéadaithe a bhain na múinteoirí as teicneolaíochtaí digiteacha.
- Chuir beagnach gach príomhoide in iúl go raibh tairseach um fhoghlaim dhigiteach i bhfeidhm ag a gcuid scoileanna chun tacú le teagasc agus foghlaim agus go raibh cur amach ag na múinteoirí agus ag na daltaí/scoláirí ar na tairseacha um fhoghlaim dhigiteach a úsáid.

## Réimsí le breithniú: Teagasc agus foghlaim

- Ó fhreagraí an tsuirbhé tugtar le fios freisin go raibh eolas éagsúil i measc na scoileanna, go háirithe sna bunscoileanna, maidir le conas tairseacha digiteacha a úsáid. Thuairiscigh príomhoidí freisin go raibh deacrachtaí ag roinnt suíomhanna le nascacht le leathanbhanda ardluais, rud a chuir teorainn leis na deiseanna teicneolaíocht dhigiteach a leabú ina gcur chuige i leith teagaisc, foghlama agus measúnaithe.
- D'ainneoin na dtorthaí dearfacha iomadúla i dtaighde na Cigireachta, ba léir freisin go raibh tionchar diúltach ag an raon beart a chuir scoileanna i bhfeidhm chun cosc a chur ar scaipeadh an víris COVID-19 ar an gcur chuige teagaisc. Go háirithe, thug sciar suntasach de na múinteoirí ar fud na mbunscoileanna, na n-iar-bhunscoileanna agus na scoileanna speisialta le fios gur laghdaigh a gcuid socruithe seomra ranga na deiseanna do dhaltaí/scoláirí oibriú i gcomhar le linn ceachtanna. Thuairiscigh daltaí agus scoláirí a ghlac páirt i bhfócasghrúpaí go raibh níos lú deiseanna foghlama comhoibríocha agus praiticiúla á gcur ar fáil dóibh agus go raibh tionchar diúltach aige sin ar a n-eispéireas foghlama, lena n-áirítear an taitneamh a bhain siad as an bhfoghlaim féin.
- Bhí príomhoidí agus comhordaitheoirí Ógtheagmhála a labhair leis na cigirí le linn an téarma ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020 fós ar an airdeall faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tréimhse idir mí an Mhárta agus samhradh 2020 ar dhúnadh na scoileanna agus na n-ionad ar na foghlaimeoirí. Mhalartaigh na daltaí agus na scoláirí a ghlac páirt i bhfócasghrúpaí ó bheith díograiseach maidir le bheith ar ais ar scoil agus imníoch faoi na bearnaí ina gcuid foghlama agus measúnaithe. Is dóigh go mbeidh imní den sórt sin níos measa i bhfianaise thréimhse dhúnadh na scoileanna ó mhí Eanáir 2021.
- I gcás roinnt scoláirí iar-bhunscoile, bhí caighdeán an aiseolais ó mhúinteoirí ina cheist ar leith. Thug mionlach suntasach de na scoláirí iar-bhunscoile le fios nár thug ach 'roinnt' múinteoirí aiseolas rialta dóibh ar a gcuid foghlama agus d'aontaigh an chuid ba mhó de na foghlaimeoirí sna bunscoileanna agus sna scoileanna speisialta gur thug a múinteoirí aiseolas rialta dóibh. Thagair na daltaí agus na scoláirí a ghlac páirt i bhfócasghrúpaí don deacracht maidir le haiseolas ar bhonn duine le duine a

fháil, cibé acu sa seomra ranga nó le haghaidh obair bhaile, mar thoradh ar na socruithe nua ar scoil.

# 4. Príomhchonclúidí

Aithníodh ó thaighde na Cigireachta roinnt torthaí dearfacha suntasacha a bhain le feidhmiú na scoileanna agus soláthar na scolaíochta sa tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020:

- Ar an iomlán, d'oibrigh na scoileanna agus na hionaid Ógtheagmhála ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe le linn mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020.
- Chuir an comhoibriú i measc bhaill na bpobal scoile agus na n-ionad go mór le hoibriú rathúil na scoileanna agus na n-ionad le linn an chéad téarma de scoilbhliain 2020-21.
- De ghnáth, rinne múinteoirí a gcur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a oiriúnú go héifeachtúil i gcomhthéacs na paindéime. Tháinig méadú suntasach ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha.
- Tugann na torthaí le fios go raibh tacaíocht mhaith á cur ar fáil chun foghlaim na ndaltaí/na scoláirí nach bhféadfadh a bheith i láthair go fisiciúil ar scoil a chothú toisc go raibh siad i mbaol an-ard ó COVID-19 a tholgadh.
- Tá sé ríthábhachtach a bheith ar scoil ó thaobh fhorbairt oideachais agus shóisialta na ndaltaí/na scoláirí chomh maith lena bhfolláine ar an iomlán. Bhí sé sin le feiceáil go háirithe i bhfreagraí an tsuirbhé agus an fhócasghrúpa ó na daltaí agus ó na scoláirí.

Aithníodh ó thaighde na Cigireachta roinnt príomhdhúshlán atá le breithniú ag an Roinn:

- Bhí soláthar múinteoirí fós ina dhúshlán do phríomhoidí agus do cheannairí na scoileanna le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020.
- I roinnt scoileanna, bhí rochtain ar leathanbhanda fós ina dhúshlán.
- Tá sé tábhachtach go leanfaidh na hacmhainní chun tacú le maolú leanúnach an víris de bheith ar fáil de réir mar a athosclaíonn na scoileanna.

Ó thaighde na Cigireachta, leagtar béim freisin ar roinnt réimsí ar chóir do scoileanna iad a mheas go ginearálta, agus gur choir dóibh tuilleadh forbartha a dhéanamh nuair is gá, agus iad ag iarraidh a chinntiú go bhfuil na heispéiris teagaisc agus foghlama chomh fiúntach agus is féidir do na leanaí agus do na daoine óga i gcomhthéacs scolaíochta duine le duine le linn paindéime.

- Is gá do gach duine a bheith airdeallach maidir le folláine na foirne agus na bhfoghlaimeoirí.
- Ní mór do gach múinteoir a chinntiú go bhfaigheann a gcuid daltaí/scoláirí aiseolas rialta ar a gcuid oibre cibé acu i gcomhthéacs ar bhonn duine le duine nó i gcomhthéacs cianfhoghlama.
- Tá sé tábhachtach go leanfaidh na scoileanna agus na múinteoirí de bheith ag déanamh monatóireacht ar thionchar bhearta maolaithe COVID-19 ar eispéireas a ndaltaí/a scoláirí ar scoil, lena n-áirítear a rannpháirtíocht i bhfoghlaim chomhoibritheach agus i ngníomhaíochtaí praiticiúla.